Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**6978/2/25**
**REV 2 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0234 (COD)**

**ENV 145**
**COMPET 145**
**SAN 87**
**MI 136**
**IND 71**
**CONSOM 40**
**ENT 33**
**FOOD 15**
**AGRI 94**
**CODEC 242**
***PARLNAT***

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 23 Meitheamh 2025 |

**I.**

1. An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa le haghaidh leasú spriocdhírithe ar Threoir 2008/98/CE (dá ngairtear: an Treoir Réime Dramhaíola), lena ndírítear ar dhramhaíl a chosc agus a bhainistiú in dhá earnáil atá dian ar acmhainní: teicstílí agus bia. Leis an togra, ar cuid é de spriocanna insoláthartha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, cuirtear le tionscnaimh an Choimisiúin, mar shampla, an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Teicstílí Inbhuanaithe agus Ciorclacha.

2. Tá an dréacht-treoir bunaithe ar Airteagal 192 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach).

3. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) a ainmníodh mar an coiste ceannais don chomhad seo. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 13 Márta 2024.

4. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 25 Deireadh Fómhair 2023.

5. Chuir an Coimisiún an togra reachtach agus an measúnú tionchair a ghabhann leis faoi bhráid na Meithle um an gComhshaol an 12 Iúil 2023. Lean an Mheitheal um an gComhshaol de scrúdú a dhéanamh ar an togra in ocht gcruinniú san iomlán. Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (Comhshaol) an 25 Márta 2024 faoin leasú spriocdhírithe. Ghlac an Chomhairle a Cur Chuige Ginearálta an 17 Meitheamh 2024.

6. Ina dhiaidh sin, tionóladh dhá chruinniú thríthaobhacha pholaitiúla neamhfhoirmiúla an 22 Deireadh Fómhair 2024 agus an 18 Feabhra 2025 as ar tháinig comhaontú sealadach idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa. An 19 Márta 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh mar a comhaontaíodh é go sealadach ag cruinniú tríthaobhach neamhfhoirmiúil an 18 Feabhra 2025.

7. Vótáil Coiste ENVI Pharlaimint na hEorpa ar son an téacs comhréitigh chéanna an 18 Márta 2025. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach Choiste ENVI litir dar dháta an 20 Márta 2025 chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gurbh amhlaidh, dá nglacfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach foriomlán comhaontaithe, go molfadh sé don suí iomlánach an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan aon leasú ar an dara léamh sa Pharlaimint, faoi réir dearbhú dlítheangeolaíoch.

**II.**

8. Tá dhá chuspóir fhoriomlána ag an leasú spriocdhírithe atá beartaithe. An chéad cheann, a bhaineann le dramhaíl teicstíle, tá sé d'aidhm ag an togra na tionchair ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a laghdú, cáilíocht an chomhshaoil a mhéadú agus an tsláinte phoiblí a bhaineann le bainistiú dramhaíola teicstílí a fheabhsú i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola. An dara ceann, a bhaineann le cur amú bia, tá sé d'aidhm ag an togra freisin tionchair chomhshaoil agus aeráide na gcóras bia a bhaineann le giniúint cur amú bia a laghdú agus cur amú bia a chosc a thuilleadh, agus dá bhrí sin slándáil bia a fheabhsú.

**III.**

9. Tá gnéithe sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith.

10. Maidir le cur amú bia, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach maidir leis na príomhghnéithe seo a leanas:

    i) Is ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí iad na <u>spriocanna maidir le cur amú bia</u> a laghdú faoi 2030. Fanann a leibhéal maidir le (a) próiseáil agus monarú agus (b) miondíol agus tomhaltas, lena n-áirítear i mbialanna, i seirbhísí bia agus i dteaghlaigh, ar na leibhéil a leagtar amach sa togra ón gCoimisiún, 10 % agus 30 % faoi seach. Is é an <u>tréimhse thagartha</u> chun na spriocanna sin a shocrú an meán bliantúil idir 2021 agus 2023, agus ceadaítear do na Ballstáit an bhliain 2020 a eisiamh, tréimhse ina raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID ar ghiniúint cur amú bia. Mar sin féin, ceadaítear solúbthacht chun bliain roimh 2021 a úsáid má tá sonraí ionadaíocha agus modheolaíocht ar fáil. Ina theannta sin, tugtar isteach <u>fachtóir ceartúcháin chun turasóireacht a chur san áireamh</u> chun cabhrú leis na Ballstáit na spriocanna laghdaithe cur amú bia a bhaint amach i bhfianaise thionchar na turasóireachta ar ghiniúint cur amú bia.

ii) Leis an <u>athbhreithniú</u>, a socraíodh don 31 Nollaig 2027, déanfar measúnú ar na spriocanna laghdaithe cur amú bia a leagfar síos do 2030. Áirítear sa chlásal athbhreithnithe freisin measúnú ar spriocanna laghdaithe breise a shocrú go sonrach le haghaidh 2035, agus ar fhachtóir ceartúcháin a fhorbairt le haghaidh athruithe ar leibhéil táirgthe bia a mbíonn tionchar acu ar a indéanta atá sé na spriocanna sin a ghnóthú. Déanfar measúnú san athbhreithniú freisin ar ról an táirgthe phríomhúil maidir le cur amú bia a laghdú.

11. I gcás na dramhaíola teicstíle, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach maidir leis na príomhghnéithe seo a leanas:

i) Áirítear <u>micrifhiontair</u> sa raon feidhme chun cothrom iomaíochta agus tairbhí méadaithe don chomhshaol a áirithiú. Agus é d'aidhm tréimhse ullmhúcháin leordhóthanach a sholáthar do na gníomhaithe sin, cuirtear infheidhmeacht na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir maidir le micrifhiontair siar 12 mhí tar éis bhunú na scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora.

ii) Tá an <u>sprioc-am cur chun feidhme</u> chun na scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora a bhunú socraithe ag 30 mí tar éis an teacht i bhfeidhm. Leis an gcomhaontú sealadach, tugtar an deis do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar chleachtais an fhaisin fhíorghasta agus an mhearfhaisin agus an táille á modhnú acu faoi scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora.

iii) Tá an clásal <u>athbhreithnithe</u> ginearálta socraithe don 31 Nollaig 2029 agus cuimsítear ann an Treoir Réime Dramhaíola agus an Treoir maidir le Líonadh Talún araon. Leis an athbhreithniú ar an Treoir Réime Dramhaíola, déanfar measúnú ar éifeachtacht fhreagracht airgeadais agus eagraíochtúil na scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora, lena n-áirítear an fhéidearthacht ranníocaíocht airgeadais a éileamh ó oibreoirí athúsáide tráchtála, an fhéidearthacht spriocanna a leagan síos maidir le dramhaíl a chosc, a bhailiú, a ullmhú agus d'athúsáid agus athchúrsáil teicstílí dramhaíola, agus an fhéidearthacht sórtáil dramhaíola cathrach measctha a thabhairt isteach roimh ré.

**IV.**

Leis an seasamh ón gComhairle, cuirtear le príomhchuspóir an togra ón gCoimisiún agus léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún.

Creideann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur léiriú cothrom é a seasamh ar an gcéad léamh ar thoradh na caibidlíochta. A luaithe a ghlacfar é, éascóidh an leasú ar an Treoir laghdú ar thionchair chomhshaoil agus aeráide na n-earnálacha teicstíle agus bia san Aontas, agus ag an am céanna rannchuideoidh sé le geilleagar níos ciorclaí agus níos inbhuanaithe.